C/2024/7527

19.12.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11834 – GTCR / INSIGHT PARTNERS / TRICENTIS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/7527)

1. An 12 Nollaig 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— GTCR LLC ('GTCR', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Insight Venture Management LLC ('Insight Partners', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Insight Holdings Group LLC (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Tricentis Corporation ('Tricentis', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Insight Partners faoi láthair.

Gheobhaidh GTCR agus Insight Partners rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) 139den Rialachán um Chumaisc, ar Tricentis.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é GTCR atá dírithe ar infheistíocht a dhéanamh i gcuideachtaí fáis sna tionscail a leanas: seirbhísí airgeadais, cúram sláinte, teicneolaíocht, meán agus teileachumarsáid, agus seirbhísí gnó,

— Is gnólacht domhanda caipitil fiontair agus cothromais phríobháidigh é Insight Partners a infheistíonn i gcuideachtaí teicneolaíochta ardfháis agus cuideachtaí bogearraí atá i mbun fáis,

— Is soláthraí domhanda tástála leanúnaí agus réiteach innealtóireachta ardcháilíochta é Tricentis. Freastalaíonn Tricentis ar réimse tionscal lena n-áirítear airgeadas, cúram sláinte, miondíol agus teicneolaíocht, agus tacaíonn sé le heagraíochtaí chun feidhmíocht agus seachadadh feidhmchlár a chinntiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11834 – GTCR / INSIGHT PARTNERS / TRICENTIS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË